## Priontáil ón Ríomhphost

Is féidir tasc priontála a sheoladh chuig printéir trí cháipéis a cheangal le ríomhphost. Déantar an ríomhphost a sheoladh chuig ceann amháin de dhá sheoladh ríomhphoist (Dubh & Bán nó Daite).

### Cad a theastaíonn uaim chun priontáil ón ríomhphost?

Caithfidh tú an ríomhphost atá le priontáil a sheoladh ó do chuntas ríomhphoist OÉ Gaillimh. Is féidir é a sheoladh ó ríomhaire, bíodh sin ar an gcampas nó áit éigin eile. Is féidir tascanna priontála ríomhphoist a sheoladh ó ghléas soghluaiste ar bith, mar shampla ríomhaire glúine, iPhone, fóin Android, iPadanna etc. Tá sé riachtanach go mbeidh tú logáilte isteach faoi do chuntas ríomhphoist OÉ Gaillimh.

### Conas ábhar a phriontáil ón ríomhphost?

Lean na treoracha seo a leanas:

- Logáil isteach i do chuntas ríomhphoist OÉ Gaillimh agus cruthaigh ríomhphost.
- Ceangail an cháipéis is mian leat a phriontáil (féach an liosta thíos de na cineálacha cáipéisí is féidir a phriontáil).
- Seol ríomhphost chuig ceann amháin de na seoltaí ríomhphoist seo a leanas:
    - bwprint@nuigalway.ie (priontáil Dhubh & Bhán)
    - colourprint@nuigalway.ie (priontáil Dhaite)
- Is féidir do thasc priontála a eisiúint ag Stáisiún Priontála ar bith.

### Cé na cáipéisí is féidir a phriontáil ón ríomhphost?

Is féidir na cáipéisí seo a leanas a phriontáil:

- Cáipéisí Microsoft Office (Word, Excel & Powerpoint)
- Openoffice (Doic, Scarbhileog & Cuir i Láthair)
- PDF
- JPG, GIF, PNG, TIF, BMP

### Gnéithe & Srianta

Baineann an cineál comhaid JPEG le híomhánna de chuid Apple. Ní féidir iad seo a phriontáil.

Tá teorainn 25MB i gceist le haon cháipéis a cheanglaítear le ríomhphost.

Má tá aon ghrafaicí in úsáid agat ar do shíniúcháin ríomhphoist, mar shampla lógó na hOllscoile, aithneoidh an freastalaí priontála é seo mar cheangaltán agus seolfar chun priontála é. Tarlaíonn sé seo má tá méid na híomhá níos mó ná 6 chilibheart. Féadfaidh tú, ar ndóigh, gan an íomhá a phriontáil leis an gcáipéis.

Priontálfar gach cáipéis ar aon taobh amháin den leathanach (simpléacs).

## Déan Fabht a Thuairisciú

Déan fabhtanna a bhaineann le printéir a thuairisciú, le do thoil – is féidir seo a dhéanamh ach logáil isteach i gCóras Ticéad na Deisce Freastail ar servicedesk.nuigalway.ie agus oscail ticéad.

Bíodh an t-eolas seo a leanas san áireamh sa ticéad:

- Láthair an phrintéara (más eol duit é)
- Ainm an phrintéara (Féach lipéad chun tosaigh ar an bprintéir)
- Tabhair sonraí ar an bhfadhb i gceist

Tabhair faoi deara go ndéantar leibhéal dúigh a thuairisciú don soláthraí go huathoibríoch.

## Comhairle agus Tacaíocht

Tá comhairle agus tacaíocht le fáil faoin mbealach le seirbhísí IT a úsáid ó Dheasc Freastail na Leabharlainne & IT. Buail isteach - tá an Deasc Chabhrach lonnaithe i bhforhalla Leabharlann Shéamais Uí Argadáin. Molaimid duit cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin ISS (nuigalway.ie/iss4students/) le comhairle agus eolas a fháil faoi na seirbhísí atá ar fáil sula ndéanann tú iarratas ar chuidiú.

Chomh maith leis sin, b'fhiú duit cuairt a thabhairt ar leathanach Facebook na Leabharlainne & IT (James Hardiman Library, NUI Galway) chun an t-eolas is déanaí a fháil faoi stádas na seirbhíse.

### Conas a dhéanfaidh mé iarratas ar chuidiú?

1. Logáil isteach i gCóras Ticéad na Deisce Freastail (servicedesk.nuigalway.ie) agus oscail ticéad.
2. Buail isteach chuig Deasc Freastail na Leabharlainne & IT atá lonnaithe i Leabharlann Shéamais Uí Argadáin (Urlár na Talún).
3. Glaoigh ar an Deasc Freastail ag (091) 495777.
4. Seol do cheist ar ríomhphost chuig servicedesk@nuigalway.ie.

## Aiseolas

Fáiltímid roimh aon aiseolas faoin taithí a bhí agat lenár seirbhís agus aon mholtaí chun feabhais. Féadfaidh tú freagra a thabhairt ar an Suirbhé a chuirtear ar fáil agus do thicéad á dhúnadh nó féadfaidh tú do chuid moltaí a sheoladh chomh maith chuig servicedesk@nuigalway.ie agus 'Aiseolas' i líne an ábhair.



Féach láithreán gréasáin ISS chun teacht ar an eolas is déanaí:

**nuigalway.ie/iss4students/printing**

**An bhfuil dearmad déanta agat ar phasfhocal do Chuntais Campais?**

Téigh ar líne chuig CASS – cass.nuigalway.ie agus cliceáil ar 'Forgot Password'

Uasdátaithe 08/18

OÉ Gaillimh
NUI Galway




# Treoir Ghasta

# Priontáil

## Conas na Printéirí Ilfheidhmeacha a Úsáid

Féach láithreán gréasáin ISS (Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise) chun teacht ar an eolas is déanaí:

**nuigalway.ie/iss4students/printing**

**TABHAIR FAOI DEARA: NÍ IARRFAIDH Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise (ISS) ná aon Aonad eile de chuid na hOllscoile pasfhocal do Chuntais Campais ort tríd an rphost ná do chuntas a dhearbhú GO DEO.**

# Seirbhís Phriontála

Tugtar deis d'úsáideoirí cáipéisí a phriontáil, cóip a dhéanamh díobh nó iad a scanadh trí úsáid a bhaint as ceann ar bith de na Printéirí Ilfheidhmeacha (MFP) atá lonnaithe ar fud an champais. Is féidir na tascanna priontála a sheoladh chuig Printéir Ilfheidhmeach (tugtar 'scuaine priontála' ar seo de ghnáth, i.e. nuair a roghnaítear File, Print agus an printéir le priontáil chuige) ar na ríomhairí (sna Ríomhlanna), ar ríomhphost (trí do sheoladh ríomhphoist OÉ Gaillimh amháin) nó trí cheangal Wi-Fi (is gá pacáiste priontála gan sreang a íoslódáil).

### Chun priontáil chuig printéirí MFP de chuid OÉ Gaillimh beidh dhá chéim i gceist

1. Beidh ort do thasc priontála a sheoladh chuig printéir ar cheann amháin de na modhanna thuasluaite.
2. Beidh ort do thasc priontála a eisiúint ag printéir, tú féin, agus is ag an bpointe sin a bhainfear an costas priontála de do Chreidmheas Priontála.

### Cé atá in ann an tseirbhís a úsáid?

Mic léinn nó comhaltaí foirne de chuid na hOllscoile. Féadfaidh an pobal an tseirbhís a úsáid ach dul chomh fada le seirbhís Siúil Isteach de chuid na Leabharlainne.

### Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas ag úsáideoirí:

- Ríomhaire atá ceangailte le líonra nó ríomhaire glúine le ceangal Wi-Fi
- Cuntas campais bailí & dóthain creidmheasa priontála
- Chun priontáil ón Rphost, caithfidh úsáideoirí a s(h)eoladh ríomhphoist OÉ Gaillimh a úsáid

### Treoracha i dtaca le priontáil

Sna **Ríomhlanna le Rochtain Ginearálta**, tá an dá scuaine phriontála réamhshocraithe. Féadfaidh úsáideoirí a rogha scuaine phriontála a roghnú:

BW_Release - priontáil Dhubh & Bhán amháin, Colour_Release - priontáil Dhaite

Cuirtear na tascanna priontála i scuaine agus is féidir leat dul chuig aon MFP chun do thasc a eisiúint agus a phriontáil. Gearrfar costas ort nuair a dhéantar an tasc a eisiúint. Má tá tasc priontála daite á phriontáil agat, déan cinnte go roghnaíonn tú MFP Colour_Release. Beidh do thasc priontála ar fáil ar feadh 24 uair an chloig i ndiaidh duit an tasc priontála a chur sa scuaine.

D'fhéadfadh go mbeadh printéirí ar leith ar fáil sna **Ríomhlanna Roinne,** agus is féidir do cháipéis a phriontáil trí chliceáil ar an roghchlár File, Print agus roghnaigh an printéir réamhshocraithe (Printéir Roinne). Is féidir úsáid a bhaint as an dá scuaine phriontála MFP mar a luaitear thuas trí cheann amháin den dá rogha a roghnú. Tabhair faoi deara nach gá na tascanna priontála a sheoltar chuig printéir sna Ríomhlanna Roinne a eisiúint, nuair a dhéantar an costas creidmheasa priontála a dheimhniú priontálfar do thasc priontála go huathoibríoch.

# Seirbhís Phriontála Bhainistithe (don Fhoireann Amháin)

Tá seirbhís phriontála ag OÉ Gaillimh atá go hiomlán bainistithe. Tá an tseirbhís sin ar fáil don fhoireann chun Printéirí Ilfheidhmeacha (MFPanna) a sholáthar, a shuiteáil agus a chothabháil, agus chun páipéar agus tomhaltáin eile cosúil le tonóir a athlíonadh.

Tá an tseirbhís ar fáil do gach aonad, agus moltar í as a bheith ar an modh is éifeachtúla ó thaobh costas de chun seirbhís phriontála iontaofa agus cost-éifeachtúil a chinntiú. Níl aon chaiteachas caipitiúil i gceist leis na gléasanna seo; tagann ranna ar chomhaontú roimh ré bille míosúil a íoc atá bunaithe ar úsáid, i.e. íoctar in aghaidh an leathanach a phriontáiltear, a chóipeáiltear nó a scantar. Eiseoidh ISS billí míosúla don roinn ábhartha agus iarrfar íocaíocht trí ríomhaistriú inmheánach.

Tá eolas maidir leis na costais a bhaineann leis an tseirbhís seo ar fáil ar shuíomh gréasáin Priontála ISS: nuigalway.ie/iss4staff/printing

Glacann an díoltóir tríú páirtí, MJ Flood, leis an bpríomhfhreagracht, tríd an tSeirbhís Phriontála Bhainistithe, as riachtanais phriontála oifige an chustaiméara a chomhlíonadh, a n-áirítear leo sin trealamh priontála, soláthairtí, seirbhísiú agus bainistiú an fhlít printéirí.

### D'iarmhéid Creidmheasa a Sheiceáil

Is féidir d'iarmhéid creidmheasa priontála a sheiceáil ar líne ag printcredit.nuigalway.ie/

# Costas Priontála

Tá eolas le fáil ar an gcostas a bhaineann le priontáil, fótachóipeáil agus scanadh ag gach ceann de na stáisiúin phriontála agus ar líne ar láithreán gréasáin ISS: nuigalway.ie/iss4students/printing faoi Chreidmheas Priontála agus faoi na ceisteanna coitianta.

### Conas a logáilaím isteach ar Phrintéir Ilfheidhmeach?

Is féidir logáil isteach ar do rogha printéir ag úsáid an scáileán tadhaill nó do chárta a svaidhpeáil mar a léirítear sin ar an bprintéir féin.

# Priontáil

Féadfaidh tú do thasc priontála a eisiúint ag Printéir Ilfheidhmeach ar bith.

Beidh do thasc priontála liostaithe ar an scáileán, is féidir 'Print All' a roghnú nó tasc ar thasc a phriontáil ag roghnú ainm an chomhaid ar an scáileán.

# Scanadh

Is féidir cáipéis a scanadh chuig do ríomhphost ó Phrintéir Ilfheidhmeach.

1. Leag an cháipéis ar an ngloine nó san fhothaire páipéir.
2. Brúigh an cnaipe 'Scan'.
3. Roghnaigh 'Email Me' ar an scáileán tadhaill agus deimhnigh go bhfuil do sheoladh ríomhphoist ceart.
4. Cliceáil ar Start agus déanfar do cháipéis a scanadh.
5. Má chuireann tú níos mó ná doiciméad amháin san fhothaire páipéir, scanfar mar dhoiciméad amháin iad.

Leathanaigh éagsúla le scanadh astu féin agus le seoladh trí ríomhphost astu féin

6. Más mian leat leathanaigh éagsúla a scanadh agus a sheoladh trí ríomhphost astu féin, ní mór duit gach leathanach a chur ar an ngloine as féin agus 'Start' a bhrú.

Leathanaigh éagsúla le scanadh astu féin agus le seoladh mar dhoiciméad amháin

7. Más mian leat leathanaigh éagsúla a scanadh agus a sheoladh trí ríomhphost mar dhoiciméad amháin ach gan dóthain spáis a bheith ann dóibh san fhothaire páipéir, roghnaigh 'Email Me' sa chás sin.
8. Roghnaigh 'Separate Scan' ó na socruithe scanta.
9. Cuir gach leathanach ar an ngloine leis féin agus brúigh 'Start'.
10. Nuair atá gach leathanach scanáilte, brúigh 'Finish' agus ansin brúigh 'Start'.
11. Tá roghanna doiciméid breise ar fáil ar an scáileán tadhaill cosúil le: Zúmáil—Méadaigh nó Laghdaigh méid an leathanaigh & Déphléacsach/Teaglamaigh—aontaobhach nó déthaobhach

# Fótachóipeáil

Féadfaidh tú cáipéis a chóipeáil ag ceann ar bith de na Printéirí Ilfheidhmeacha.

1. Leag an cháipéis ar an ngloine nó san fhothaire páipéir.
2. Brúigh an cnaipe 'Copy'.
3. Sula ndéanann tú an cháipéis a chóipeáil tá roinnt roghanna ar fáil ar an scáileán tadhaill atá ar aon dul leo seo a leanas, nach mór:
   - Daite nó Dubh & Bán (más printéir daite MFP amháin atá ann)
   - Méid an Pháipéir (más printéir MFP le rogha pháipéir A4 agus A3)
   - Déthaobhach/Cónaisc — ar thaobh amháin nó ar dhá thaobh den leathanach
   - Zúmáil — méid a Mhéadú nó a Laghdú Cliceáil ar Start agus déanfar do cháipéis a chóipeáil.
4. Cliceáil ar Start agus déanfar do cháipéis a chóipeáil.

# Priontáil Wi-Fi

Tá Priontáil Wi-Fi ar fáil d'úsáideoirí atá ceangailte le NUIGWiFi agus le líonraí eduroam. Féach ar ár láithreán gréasáin don eolas is nuaí ar leaganacha/gléasanna a gcuirtear tacaíocht ar fáil ina leith.

### Cé atá in ann an tseirbhís a úsáid?

Comhaltaí foirne nó mic léinn atá ceangailte le NUIGWiFi nó le líonra eduroam.

### Céard a theastaíonn uaim chun teacht ar an tseirbhís?

- Creidmheas Priontála - is féidir é seo a cheannach ó bhothanna priontála nó ar an gcóras creidmheasa priontála ar líne.
- Ceangal WiFI NUIGWiFi nó eduroam - déan do ríomhaire glúine a cheangal ag leanúint na dtreoracha atá ar fáil ar láithreán gréasáin ISS nuigalway.ie/iss4students/wifi.
- Pacáiste Priontála gan sreang* - NÍ MÓR duit pacáiste priontála gan sreang a shuiteáil. Féach ar ár leathanach gréasáin chun eolas breise a fháil.
- Suiteálfaidh an pacáiste priontála gan sreang dhá scuaine phriontála ar do ríomhaire glúine:

  Wireless_BW_Release & Wireless_Colour_Release.

**Tábhachtach** - Ní phriontálann tascanna a sheoltar chuig na scuainí priontála go huathoibríoch. Coinnítear iad sa scuaine gan sreang ar feadh 24 uair an chloig go dtí go dtéann tú chuig stáisiún priontála chun iad a phriontáil. Tá sonraí maidir le cá bhfuil na stáisiúin phriontála lonnaithe ar fáil ar láithreán gréasáin ISS.

*** Tabhair faoi deara:** Teastaíonn uimhir aitheantais do Chuntais Campais uait chun tascanna priontála a sheoladh ar aghaidh chuig na scuainí gan sreang agus chun iad a phriontáil ag na stáisiúin phriontála.

### An Pacáiste Priontála Gan Sreang a bhaint

Is féidir an pacáiste priontála gan sreang a bhaint trí na treoracha atá ar ár leathanaigh ghréasáin a leanúint. Ní ghlacann sé seo de ghnáth ach cúpla nóiméad.

# Creidmheas Priontála

### Creidmheas Priontála a cheannach ar line

Tá tú ábalta creidmheas priontála a cheannach ar líne ag printcredit.nuigalway.ie/.

1. Cliceáil ar 'Top-Up Your Own Credit'.
2. Cuir isteach d'uimhir aitheantais agus pasfhocal do chuntais campais.
3. Cliceáil ar 'Online Top-up'.
4. Cuir isteach an méid creidmheasa is mian leat a chur le do chuntas (€10.00 ar a laghad). Atreorófar tú chuig leathanach íocaíochta sábháilte chun glacadh le sonraí do chárta creidmheasa nó do chárta dochair.

Cuirfear an creidmheas priontála le do chuntas láithreach bonn.

### Creidmheas Priontála a cheannach ó Bhothanna Priontála

Is féidir creidmheas a cheannach chomh maith ó Bhothanna Priontála atá lonnaithe sna háiteanna seo a leanas: An Seomra Priontála 125A, ar aghaidh Ríomhlann na nDán agus na hEolaíochta i bhFoirgneamh na nDán & na hEolaíochta, Forhalla Áras Cairnes, Áras Innealtóireachta agus i Leabharlann Shéamais Uí Argadáin.

1. Déan do chárta a scanadh nó logáil isteach trí úsáid a bhaint as an scáileán tadhaill.
2. Léireofar d'iarmhéid ar an scáileán, cuir isteach na nótaí nó sóinseáil chun creidmheas priontála a chur le do chuntas.
3. Déanfar d'iarmhéid nua a léiriú ar an scáileán agus beidh fáil ar an gcreidmheas láithreach bonn.

**nuigalway.ie/iss4students/printing**